Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13344/24

LIMITE

PROBA 30
AGRI 643
WTO 113

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0211(NLE)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992<br>- *Glacadh* |

1. An 2 Meán Fómhair 2024, fuair an Chomhairle togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (12985/24).

2. An 9 Meán Fómhair 2024, tháinig an Mheitheal um Thráchtearraí ar chomhaontú maidir le leagan athbhreithnithe den dréachtchinneadh, mar a mhol an Uachtaránacht i gcomhairle le Seirbhís Dlí na Comhairle (WK 10884/24 ADD 1).

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2):

   – an comhaontú ar tháinig an Mheitheal um Thráchtearraí air a dhearbhú;
   – a mholadh don Chomhairle an Cinneadh, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13268/24 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirfear in iúl do Pharlaimint na hEorpa gur ghlac an Chomhairle leis an gCinneadh.

PUBLIC